LÍONRA TAISTIL GHNÍOMHAIGH
BHAILE ÁTH CLIATH


# Ráth Eanaigh go Cill Bharróg

## Scéim Eatramhach



## BILEOG EOLAIS

1.75km




## 1 FORLÉARGAS AR AN TIONSCADAL

Soláthróidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath an Líonra Taistil Ghníomhaigh trí bhíthin sraith tionscadal bonneagair sna naoi mblianta amach romhainn. Gabhfaidh an Líonra Taistil Ghníomh i méid ón líonra 10km atá ann faoi láthair go líonra ceangailte 310km ar fud na cathrach. Leis an méid sin, soláthrófar Líonra Taistil Ghníomhaigh atá níos sábháilte, níos cuimsithí, níos ceangailte agus atá inbhuanaithe. Tógfaidh sé tamall na tionscadail sin a phleanáil agus a cheapadh. Idir an dá linn, moltar go gceapfar agus go gcuirfear i bhfeidhm scéimeanna eatramhacha ar na bealaí sin nuair is féidir.

Aithníodh an Scéim Ráth Eanaigh go Cill Bharróg mar bhealach inbhuanaithe le haghaidh beart eatramhach. Soláthrófar inti bealach rothaíochta 1.75km thar Bhóthar Bhinn Éadair a shíneann ó shráidbhaile Ráth Eanaigh (acomhal Bhóthar Bhinn Éadair, Bhóthar an Stáisiúin agus Bhóthar na Príomhshráide) chomh fada le Bóthar Bhinn Éadair agus le Bóthar Shéamais Uí Lorcáin

## CÉARD ATÁ SA BHILEOG SEO?


1 Forléargas ar an Tionscadal
2 An Gá leis an Scéim
3 Tairbhe na Scéime
4 Príomhghnéithe na Scéime Eatramhaí
5 Cur Isteach Beag ar an Trácht le linn Suiteála
6 An Chaoi le Teagmháil a Dhéanamh Linn



Tionscadal Éireann Project Ireland 2040
NTA Údarás Náisiúnta Iompair National Transport Authority
Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath Dublin City Council

## 2 AN GÁ LEIS AN SCÉIM

- Bealach rothaíochta scartha a sholáthar sula gcuirfear i bhfeidhm an tionscadal buan
- Feabhas a chur ar naisc chuig Shráidbhaile Ráth Eanaigh ó roinnt ceantar cónaithe atá suite ar Bhóthar Bhinn Éadair
- Bealach rothaíochta iomlán scartha ón mbealach siúil agus rothaíochta cois cósta atá ann cheana féin chuig Ráth Eanaigh.

## 3 TAIRBHE NA SCÉIME

- Saoráidí rothaíochta cosanta ar ardchaighdeán a sholáthar le freastal ar rothaithe de gach aois agus cumas.
- Éascaíocht a dhéanamh ar stíl mhaireachtála níos gníomhaí do gach aois, rud a dhéanfaidh an iomad tairbhe don fholláine fhisiciúil agus mheabhrach
- Cion a dhéanamh do laghdú ar astaíochtaí iompair i gcomhréir le spriocanna an Phlean um Ghníomhú ar son na hAeráide trí athrú córa iompair i dtreo úsáid a bhaint as an taisteal gníomhach a spreagadh a úsáid
- Timpeallacht níos sábháilte a sholáthar do rothaithe agus do choisithe sa ghearrthéarma sula gcuirfear i bhfeidhm an scéim bhuan

## 4 PRÍOMHGHNÉITHE NA SCÉIME EATRAMHAÍ

Cuirfear an scéim eatramhach i bhfeidhm in dhá chéim:

Céim 1: This phase commences at Raheny Village (junction of Howth Road, Main Street and Station Road) and continues along the Howth Road for approximately 1km and finishes at Foxfield Road.

Céim 2: Leanfar ar aghaidh leis an gcuid 0.75km de Bhóthar Bhinn Éadair atá fágtha ó Chéim 1 ag Bóthar Ghort an tSionnaigh go dtí go dtagann deireadh leis ag an mbóthar isteach ag acomhal Bhinn Éadair agus Bhóthar Shéamais Uí Lorcáin. Mar gheall ar an leithead bóthair níos cúinge ag an gcuid sin de Bhóthar Bhinn Éadair, moltar go mbainfear úsáid as colbhaí sealadacha agus mullaird sholúbtha ar taobh theas den bhóthar. Taobh easbhóthair a bheidh sa taobh thuaidh den chosán rothaíochta cóngarach don chosán atá ann cheana féin.

I gcaitheamh na scéime eatramhaí 1.75km, moltar úsáid a bhaint as cosáin rothaíochta atá cosanta ag mullaird agus ar pháirceáil agus as cuid den chosán rothaíochta easbhóthair idir Bóthar Ghort an tSionnaigh agus deireadh na scéime i dtreo an acomhal Bhóthar Bhinn Éadair agus Bhóthar Shéamais Uí Lorcáin



**Sábháilteacht Fheabhsaithe do Rothaithe:** Faoi láthair tá rothaithe lonnaithe i lána rothaíochta cóngarach don trácht bheo. Moltar go ndéanfar scaradh trí bhíthin feithiclí páirceáilte a lonnú taobh amuigh den chosán rothaíochta agus spás 0/75m idir an cosán rothaíochta agus na feithiclí páirceáilte. Leis an méid sin, soláthrófar cosaint do rothaithe agus compord dóibh siúd atá ag dul isteach ina bhfeithicil nó imeacht uaithi. Beidh an socrú beartaithe sin ina chuidiú luas feithiclí a laghdú ar Bhóthar Bhinn Éadair mar gheall ar an leithead lánaí tráchta níos cúinge atá beartaithe. Cuirfear feabhas mór ar shábháilteacht do rothaithe mar gheall ar mhullaird agus ar marcanna feabhsaithe ar an mbóthar a sholáthar chomh maith le cosáin rothaíochta easbhóthair sna suíomhanna eile atá fágtha.

**Sábháilteacht Fheabhsaithe do Choisithe:** Moltar go ndéanfar laghdú ar an raon coirnéil ag na taobh-bhóithre seo a leanas: Bóthar San Assam Thiar, Páirc Avondale, Bóthar San Assam Thoir, Bóthar Maywood agus Bóthar an Úlloird. Dá thairbhe sin, beidh casadh ag teastáil anseo, rud a dhéanfaidh laghdú ar luas casta agus sholáthróidh achar trasnaithe coisithe níos giorra agus níos sábháilte.

**Stadanna Bus:** Sa scéim, déanfar na 11 stad bus atá suite idir Sráidbhaile Ráth Éanaigh agus acomhal Bhóthar Bhinn Éadair agus Bhóthar Shéamais Uí Lorcáin a chomhtháthú. Ar na 11 stad bus, déanfar 4 stad a nuashonrú le go mbeidh leagan amach oileáin orthu ionas go laghdófar an choimhlint idir busanna agus rothaithe díreach mar a sholáthrófar spás feiliúnach inar féidir paisinéirí fanacht. Soláthrófar socrú tosaíochta coisithe trí bhíthin pointe ardaithe trasnaithe, pábháil thadhlach agus marcanna ar an mbóthar chun caoi a thabhairt do choisithe an cosán rothaíochta a thrasnú chun teacht go héasca ar áit fanachta an stad bus.

**Páirceáil Charr:** San áit a mbíonn páirceáil charr ar an tsráid ann cheana, coinneofar formhór na spás páirceála. Tá an spás páirceála inrochtana atá ann cheana taobh amuigh de chógaslann le coinneáil agus tá colbha le suiteáil agus spás méadaithe le cur ann le gur bhféadfaidh úsáideoirí dul isteach san fheithicil nó imeacht uaithi. Ní chuirfear isteach ar socruithe rochtana chuig cabhsaí atá ann cheana.

**Oibreacha Athdhromchlaithe:** Beidh dromchla bóthair nua ag teastáil thar an gcuid de Bhóthar Bhinn Éadair idir Bóthar Ghort an tSionnaigh agus Bóthar Shéamais Uí Lorcáin. Déanfar na hoibreacha athdhromchlaithe ar an gcarrbhealach le Linn Céim 2.

Is féidir teacht ar gach ceann de na moltaí thuas ar consultation.dublin.ie.

## TRASGHEARRADH COSÁIN ROTHAÍOCHTA ATÁ COSANTA AR PHÁIRCEÁIL




## 5 CUR ISTEACH BEAG AR AN TRÁCHT LE LINN SUITEÁLA

Táthar ag súil leis go ndéanfar oibreacha suiteála na scéime seo in 2023. D'fhonn go soláthrófar an scéim seo, beidh roinnt cur isteach beag ar an trácht sa cheantar. Féachfaidh Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliatha, i gcomhar lenár gconraitheoir, chun an cur isteach sin a laghdú an oiread agus is féidir.

## 6 AN CHAOI LE TEAGMHÁIL A DHÉANAMH LINN

Má tá tuilleadh eolais faoin Scéim Eatramhach Ráth Eanaigh go Cill Bharróg ag teastáil uait, lean an nasc don suíomh gréasáin thíos. Is féidir aon nóta/ tuairim a d'fhéadfadh a bheith agat a roinnt tríd an suíomh gréasáin, tríd an ríomhphost nó tríd an seoladh poist thíos:

https://consultation.dublincity.ie/ (Déan an cód QR a scanadh)

activetraveloffice@dublincity.ie agus an teideal seo a leanas air: Maidir le Ráth Eanaigh go Cill Bharróg: An Scéim Eatramhach um Thaisteal Gníomhac

Comhairle Cathrach Bhaile Áth Cliath, Oifig an Chláir um Thaisteal Gníomhach, Bloc 1, Urlár 6, Oifigigh Shibhialta, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, D08 RF3